# Caitheamh Aimsire (Spórt agus Ceol): Cluastuiscint (Am Saor)

*TEG B1: Aonad 7*

## A: RÉAMHOBAIR

**Bí ag obair le duine eile agus roghnaigh an abairt atá ceart, (a) nó (b):**

| | |
|---|---|
| **1.** I like to play music. | |
| a) Is maith liom ceol a sheinm. | |
| b) Is maith liom seinm ceol. | |
| **2.** I like to play sport. | |
| a) Is maith liom spórt a imirt. | |
| b) Is maith liom imirt spórt. | |
| **3.** I like to walk in the countryside. | |
| a) Is maith liom ag siúl faoin tuath. | |
| b) Is maith liom a bheith ag siúl faoin tuath. | |
| **4.** I like to listen to music. | |
| **a)** Is maith liom a bheith ag éisteacht le ceol. | |
| **b)** Is maith liom éist le ceol. | |
| **5.** I like to go out at the weekend. | |
| **a)** Is maith liom dul amach ag an deireadh seachtaine. | |
| **b)** Is maith liom téigh amach ag an deireadh seachtaine. | |
| **6.** I like to meet my friends. | |
| a) Is maith liom mo chairde a bhualadh. | |
| b) Is maith liom bualadh le mo chairde. | |
| **7.** When I have time, I like to bake a cake. | |
| a) Nuair a bhíonn an t-am agam, is maith liom císte a bhácáil. | |
| b) Nuair a bhíonn an t-am agam, is maith liom bácáil císte. | |
| **8.** There isn't much to do where I live. | |
| a) Níl mórán le dhéanamh i mo cheantar. | |
| b) Níl mórán le déanamh i mo cheantar. | |
| **9.** I don't like playing computer games. | |
| a) Ní maith liom ag imirt cluichí ríomhaire | |
| b) Ní maith liom a bheith ag imirt cluichí ríomhaire. | |
| **10.** I don't like doing things on my own. | |
| a) Ní maith liom rudaí a dhéanamh liom féin. | |
| b) Ní maith liom ag déanamh rudaí liom féin. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# B: CLUASTUISCINT

**Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/caitheamh-aimsire-am-saor/**
**Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.**

**1.** Éist le gach duine i dteaghlach Mhic Gearailt ag déanamh cur síos ar gach a ndéanann siad nuair a bhíonn am saor acu. Scríobh an t-eolas a gheobhaidh tú sna spásanna thíos. Ansin, cuir an t-eolas i gcomparáid leis an eolas atá faighte ag na daoine eile atá i do ghrúpa.

| Cainteoir | Caitheamh aimsire |
|---|---|
| Siobhán | |
| Peadar | |
| Seán | |
| Pól | |
| Ciara | |
| Clár | |

Cad iad na focail a chuala tú sa mhír nach raibh ar eolas agat, ach a raibh tú in ann buille faoi thuairim a thabhairt maidir lena mbrí? Déan plé orthu leis na daoine eile atá i do ghrúpa.

**2. Éist leis an gcainteoir seo ag labhairt faoina chaitheamh aimsire agus líon na bearnaí.**

Tá mé __________________ de chlub seoltóireachta… bhuel i mbliana tá mé i mo reachtaire ar an chlub. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a lán oibre __________________ agam don chlub. I rith __________________ bíonn cruinnithe ar siúl gach mí. Casaimid le chéile leis na rásaí agus na geallta bád don samhradh __________________. Bíonn an chéad rása ar siúl __________________ le linn na Cásca agus bíonn ar a laghad rása amháin ar siúl gach seachtain ina dhiaidh sin go dtí an Fómhar. Go minic, bíonn dhá rása ar siúl againn i rith na seachtaine, ag brath ar an lán mara, agus bíonn dhá rása ar siúl ______________________________. Tá thart ar chaoga bád sa chlub agus bíonn an comórtas géar go leor, caithfidh mé a rá. Bíonn craic ar dóigh againn. Nuair a __________________ an aimsir go maith, __________________cóisirí againn sa chlub go rialta, agus fanann gach duine ar na báid don oíche.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# C: MACHNAMH

## Seicliosta agus Ceisteanna go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

### Mír 1 (00:00 – 01:44)

Siobhán: Ar an drochuair ní bhíonn mórán am saor agam ar chor ar bith, ach ag an deireadh seachtaine imrím cártaí le mo chuid cairde anois is arís. Imrímid *poker* de ghnáth.

Peadar: Imrím galf dhá uair sa tseachtain, agus níos minice fiú i rith an tsamhraidh.

Seán: Ní duine aclaí mé in aon chor. Ní imrím aon spórt. Is breá liom a bheith ag léamh, áfach, agus nuair a bhíonn an deis agam is breá liom dul go dtí an phictiúrlann.

Pól: Is breá liom spórt agus a bheith amuigh faoin aer an oiread agus is féidir. Imrím peil agus rugbaí le clubanna áitiúla anseo. Téim ag dreapadóireacht sa samhradh chomh maith nuair a bhíonn an t-am agam.

Ciara: Téim gach áit ar mo rothar, ach taobh amuigh de sin ní imrím aon spórt eile. Is breá liom a bheith ag léamh.

Clár: Imrím leadóg agus leadóg thábla gach seachtain. Is breá liom a bheith ag féachaint ar an teilifís.

### Mír 2 (01:45 – 03:42)

Tá mé i mo bhall de chlub seoltóireachta… bhuel i mbliana tá mé i mo reachtaire ar an chlub. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a lán oibre le déanamh agam don chlub. I rith an gheimhridh bíonn cruinnithe ar siúl gach mí. Casaimid le chéile leis na rásaí agus na geallta bád don samhradh a eagrú. Bíonn an chéad rása ar siúl de ghnáth le linn na Cásca agus bíonn ar a laghad rása amháin ar siúl gach seachtain ina dhiaidh sin go dtí an Fómhar. Go minic bíonn dhá rása ar siúl againn i rith na seachtaine, ag brath ar an lán mara, agus bíonn dhá rása ar siúl gach deireadh seachtaine. Tá thart ar chaoga bád sa chlub agus bíonn an comórtas géar go leor caithfidh mé a rá. Bíonn craic ar dóigh againn. Nuair a bhíonn an aimsir go maith bíonn cóisirí againn sa chlub go rialta, agus fanann gach duine ar na báid don oíche.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# FREAGRAÍ

## A: FEASACHT TEANGA

| | |
|---|---|
| **1.** I like to play music. | |
| a) Is maith liom ceol a sheinm. | X |
| b) Is maith liom seinm ceol. | |
| **2.** I like to play sport. | |
| a) Is maith liom spórt a imirt. | X |
| b) Is maith liom imirt spórt. | |
| **3.** I like to walk in the countryside. | |
| a) Is maith liom ag siúl faoin tuath. | |
| b) Is maith liom a bheith ag siúl faoin tuath. | X |
| **4.** I like to listen to music. | |
| a) Is maith liom a bheith ag éisteacht le ceol. | X |
| b) Is maith liom éist le ceol. | |
| **5.** I like to go out at the weekend. | |
| a) Is maith liom dul amach ag an deireadh seachtaine. | X |
| b) Is maith liom téigh amach ag an deireadh seachtaine. | |
| **6.** I like to meet my friends. | |
| a) Is maith liom mo chairde a bhualadh. | |
| b) Is maith liom bualadh le mo chairde. | X |
| **7.** When I have time, I like to bake a cake. | |
| a) Nuair a bhíonn an t-am agam, is maith liom císte a bhácáil. | X |
| b) Nuair a bhíonn an t-am agam, is maith liom bácáil císte. | |
| **8.** There isn't much to do where I live. | |
| a) Níl mórán le dhéanamh i mo cheantar. | |
| b) Níl mórán le déanamh i mo cheantar. | X |
| **9.** I don't like playing computer games. | |
| a) Ní maith liom ag imirt cluichí ríomhaire | |
| b) Ní maith liom a bheith ag imirt cluichí ríomhaire. | X |
| **10.** I don't like doing things on my own. | |
| a) Ní maith liom rudaí a dhéanamh liom féin. | X |
| b) Ní maith liom ag déanamh rudaí liom féin. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: CLUASTUISCINT

## Mír 1

| Cainteoir | Caitheamh aimsire |
|---|---|
| Siobhán | Imríonn sí cártaí lena cairde – *poker* de ghnáth. |
| Peadar | Imríonn sé galf dhá uair sa tseachtain agus sa samhradh. |
| Seán | Is breá leis a bheith ag léamh agus dul go dtí an bpictiúrlann. |
| Pól | Imríonn sé peil agus rugbaí le clubanna áitiúla agus bíonn sé ag dreapadóireacht sa samhradh. |
| Ciara | Bíonn sí ag rothaíocht agus is breá léi a bheith ag léamh. |
| Clár | Imríonn sí leadóg agus leadóg thábla gach seachtain agus is maith léi féachaint ar an teilifís. |

## Mír 2 – Líon na bearnaí

Tá mé **i mo bhall** de chlub seoltóireachta… bhuel i mbliana tá mé i mo reachtaire ar an chlub. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a lán oibre **le déanamh** agam don chlub. I rith **an gheimhridh** bíonn cruinnithe ar siúl gach mí. Casaimid le chéile leis na rásaí agus na geallta bád don samhradh **a eagrú**. Bíonn an chéad rása ar siúl **de ghnáth** le linn na Cásca agus bíonn ar a laghad rása amháin ar siúl gach seachtain ina dhiaidh sin go dtí an Fómhar. Go minic, bíonn dhá rása ar siúl againn i rith na seachtaine, ag brath ar an lán mara, agus bíonn dhá rása ar siúl **gach deireadh seachtaine**. Tá thart ar chaoga bád sa chlub agus bíonn an comórtas géar go leor, caithfidh mé a rá. Bíonn craic ar dóigh againn. Nuair a **bhíonn** an aimsir go maith, **bíonn** cóisirí againn sa chlub go rialta, agus fanann gach duine ar na báid don oíche.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 